



Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Tuarascáil Bhliantúil 2009/10

Clár Ábhair

(Is é seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsíonn an tuarascáil seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2009 go dtí 31 Lúnasa 2010)



1. Réamhrá

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Uachtaráin**
- 1.3 Bunú na hInstitiúide**
- 1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**



2. Rialachas

- 2.1 An Bord Rialaithe**
- 2.2 Foireann Sinsir**



3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

- 3.1 An Chomhairle Acadúil**
- 3.2 Forbairtí Acadúla**
- 3.3 Cláir Cheadaithe**
- 3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn**
- 3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn**
- 3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn**



4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha**
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**
- 4.3 Forbairt an Champais**
- 4.4 Bainistíocht Sábháilteachta**



5. Pearsanra

5.1 Lón na mBall Foirne

5.2 Gnóthachtálacha Foirne

6. Tuarascáil Airgeadais

7. Comhionannas Deiseanna

Aquisín A.I

Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2009/2010

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathairligh

Is mór agam an tuarascáil bhliantúil seo don bhliain acadúil 2009-2010 a chur i láthair.

Bhí an Institiúid an-sásta nuair a d'fhógair an tAire O'Keeffe go raibh tús á chur le tógáil fhoirgneamh Scoil Náisiúnta na Scannán. Táimid ag tnúth go mór leis an acmhainneacht spreagúil a bhainfear amach don Institiúid sna blianta amach romhainn de thoradh ar na saoráidí nua seo.

D'fhoilsigh an Rialtas Tuarascáil an tSainghrúpa um Líon Foirne sa tSeirbhís Phoiblí agus Chláir Chaiteachais in Iúil 2009 agus admhaíonn an Institiúid an tagairt don Institiúid sa tuarascáil. Oibreoimid as láimh a chéile leis an Údarás um Ard-Oideachas chun an toradh is cuí a bhaint amach ar mhaithe le hInstitiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire i gcomhthéacs na straitéisí náisiúnta.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne baill den Bhord Rialaithe le linn na tréimhse seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill foirne uile san Institiúid as a dtiomantas don Institiúid agus comhghairdeas a dhéanamh leo faoina ngnóthachtálacha uile.

1.2 Ráiteas an Uachtaráin

Is mór agam dul chun cinn suntasach a thaifeadadh le linn na tréimhse 2009/10 agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas agus don tacaíocht a thug ár mbaill foirne agus mic léinn dár ngnóthachtálacha. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht fhiúntach a thug réimse leathan dár bpáirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne dúinn. Tá a dtacaíocht níos tábhachtaí anois ná riamh roimhe mar a théann fadhbanna leis an ngeilleagar náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcion ar ár bhforbairtí beartaithe agus ar ár ndul chun cinn. Rinneadh córas réaltachta fíorúla tumthaí CAVE a shuiteáil le linn na bliana le cistiú a fuarthas ó Fhiontraíocht Éireann, rud atá ina uirlis ríthábhachtach foghlama agus taighde don Institiúid anois.

Chuir an Institiúid tús le naisc idirnáisiúnta a chothú trí chomhaontuithe Erasmus a bunaíodh le coláistí eile sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Thug roinnt mac léinn de chuid Chláir Fiontraíochta na hInstitiúide cuairt ar an Aonach Domhanda ag Expo 2010 in Shanghai na Síne.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Rinneadh forbairt ar na gnéithe idirinstiúideacha dár gcuid oibre arís i mbliana, mar shampla trí Chomhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath, rud a thugann na hinstiúidí ardoideachais uile i mórcheantar Bhaile Átha Cliath le chéile, an Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach, agus trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail ar nós 'ENGAGE', atá maoinithe ag Clár Meán an AE, a nascann Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le scoileanna scannán mór le rá i dtrí thír Eorpacha eile.

Cuirim an tuarascáil seo faoi do bhráid mar thaifead ar na gnóthachtálacha a baineadh amach le linn na bliana seo caite agus mar bhreac-chuntas ar na forbairtí straitéiseacha atá ar bun anois agus ar pheleananna i dtreo forbartha amach anseo.

1.3 Bunú na hInstitiúide

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ó 1 Aibreán 1997. D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ó 8 Eanáir 1998.

1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

Fís:

A Bheith ar thús cadhnaíochta na múinteoireachta, an taighde agus na nuálaíochta ag coinbhéirseacht na n-ealaíon, na teicneolaíochta agus an fhiontair, agus cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar cruthaitheach eolasbhunaithe.

Bunchuspóir:

Is é misean Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an cháil atá uirthi a choimeád agus a fheabhsú mar an rogha coláiste inár limistéir speisialaithe. Bainfear é seo amach trí chlár ghairmiúla atá bainteach leis an tionsclaíocht, chomh maith le cur chuige nuálaíoch i leith na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur ar fáil, agus trí thabhairt faoi thaighde, fhorbairt fiontair agus nuálaíochta.

Léireoidh ár mic léinn agus ár mbaill foirne ilchineálacht na hÉireann nua agus beidh go leor daoine nach Éireannaigh iad ina measc. Beidh ár gcuid céimithe ar a lánchumas cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha. Agus borradh suntasach tagtha ar ár líon, beidh an Institiúid ina lárionad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus beidh sí aitheanta mar pháirtí tábhachtach i bhforbairt beartas agus an tionscail, agus mar chomhpháirtí comhoibritheach don tionscal agus d'institiúidí ardoideachais eile.

2. Rialachas

2.1 An Bord Rialaithe

2.1.2 An Bord Rialaithe – amhail ar 31 Lúnasa, 2010

Ceapadh an ceathrú Bord Rialaithe d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire do thréimhse oifige cúig bliana ó 1 Aibreán 2006, ach amháin i gcás na mac léinn a cheaptar ar bhonn bliantúil. Bhuail an Bord Rialaithe le chéile 11 uair le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2009 go dtí 31 Lúnasa 2010.

Is é seo a leanas ballraíocht an Bhoird Rialaithe:

An tUas. David Harvey (Cathaoirleach)

An tUas. Jim Devine (Uachtarán)

an Clr. Niamh Bhreathnach (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

an Clr. Donal Marren (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

an Clr. Jane Dillon Byrne (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)

an Clr. Stephen Fitzpatrick (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire) *

Mary Elliott (Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath)

Eleanor Roche (Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin)

An tUas. Joe Byrne (Comhdháil na gCeardchumann)

Jennifer Condon (Fiontraíocht Éireann)

Patricia McKenna (an Chomhairle Ealaíon)

Davitt Byrne (Ericsson)

Siobhán Bourke (Bord Scannán na hÉireann)

An tUas. Keith Foran (Ball den Fhoireann Acadúil)

An Dr. Marion Palmer (Ball den Fhoireann Acadúil)

An tUas. Eddie Lennon (Ball den Fhoireann Neamhacadúil) **

Mic Léinn atá ina mBall den Bhord Rialaithe (arna gceaptha ar bhonn bliantúil)

Anna Wallace [1 Iúil 2009 go dtí 30 Meitheamh 2010]

An tUas. Gavin Clarke [1 Iúil 2009 go dtí 30 Meitheamh 2010]

Marie Farrell [1 Iúil 2010 go dtí 30 Meitheamh 2011]

An tUas. Joseph Geary [1 Iúil 2010 go dtí 30 Meitheamh 2011]

* Ceaptha 15 Aibreán 2010 i gcomharba ar an Uas. William Dockrell a chuaigh ar scor i bhFeabhra 2010

** Ceaptha Samhain 2009

2.2 Foireann Sinsir (amhail ar 31/08/2010)

An tUachtarán	Jim Devine
An Cláraitheoir	Dr Annie Doona
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Bernard Mullarkey
An Ceannasaí Foráis	An Dr. Marian O'Sullivan
Ceannasaí Scoil na nEalaíon Cruthaitheach	Seán Larkin
Ceannasaí Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha	Andrew Power
Ceannasaí Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí	An Dr. Josephine Browne
Ceannasaí Roinn na hEalaíne agus an Deartha	Liam Doona
Ceannasaí Roinn na Scannán agus na Meán	Kevin Rafter
Ceannasaí Roinn na nEolaíochtaí Foghlama	An Dr. Marion Palmer
Ceannasaí Roinn na Teicneolaíochta	An Dr. Mark Riordan
Ceannasaí Roinn an Ghnó agus na Fiontraíochta	Therese Moylan
Ceannasaí Roinn na nDaonnachtaí	An Dr. Paula Gilligan
An Leabharlannaí	Deirdre Judge
An Bainisteoir Acmhainní Daonna	Kevin Browne
An Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise	Colm Hennessy
Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí	Grace Weldon
An Bainisteoir Airgeadais	Conor Logan
An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn	David Doyle
An Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha	Folamh
An Stiúrthóir Cruthaitheach, Scoil Náisiúnta na Scannán	Donald Taylor Black

3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn

3.1 3.1 An Chomhairle Acadúil

3.1.1 Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huair ar a laghad sa bhliain agus is é an córam aon trian den bhallraíocht. Rith an Bord Rialaithe togra le hathbheithniú a dhéanamh ar an gComhairle Acadúil ar 19 Meitheamh 2006 agus cheadaigh an Bord Rialaithe an struchtúr nua ar 6 Meán Fómhair 2006. Ina theannta sin, cheadaíodh athruithe ar bhallraíocht na bhFochoistí éagsúla chomh maith.

3.1.2 Chuir an Chomhairle Acadúil na Fochoistí seo a leanas ar bun:

- An Fochoiste um Bailíochtú Clár (An Buanchoiste roimhe seo)
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbheithnithe
- An Fochoiste Taighde, Forbartha agus Idirchaidrimh Sheachtraigh
- An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama
- An Fochoiste Disciplíneach
- An Fochoiste Achomharc

3.1.3 Is é seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail ar 31 Lúnasa 2010:

Comhaltaí de bhrí oifige

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
Jim Devine	An tUachtarán agus an Cathaoirleach
An Dr. Annie Doona	An Cláraitheoir
An Dr. Marian O'Sullivan	An Ceannasaí Foráis
An Dr. Josephine Browne	Ceannasaí Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Seán Larkin	Ceannasaí Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
David Doyle	An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn
An Leabharlannaí	Deirdre Judge
Joe Geary	Uachtarán Aontas na Mac Léinn

Comhaltaí Tofa

<u>Ainm</u>	<u>Teideal</u>
Phil Sheehy	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Paul Gregg	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Pat Molloy	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
David Quinn	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (freastal páirtaimseartha)
Therese Moylan	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Maria Parsons	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Catherine Cronin	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Stephen Boyd	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí (freastal páirtaimseartha)
An Dr. John Greaney	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Comhaltaí Tofa (ar lean)

Ainm

An Dr. Marion Palmer
An Dr. Mark Riordan
Timm Jeschawitz
John Dempsey
Laura O'Reilly
Tansy Cowley

Teideal

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Ceannasaí Roinn na nEolaíochtaí Foghlama
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn
Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn

3.2. Forbairtí Acadúla

Cláir nua a bhí ceadaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna

Ní raibh aon chlár nua ceadaithe le linn 2009/10

3.3. Cláir Cheadaithe

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2009/2010

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Ardteastas sna hEalaíona i Smideadh i gcomhar na Scannán, na Teilifíse agus na hAmharclainne

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léiriúcháin)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin i gcomhar an Raidió agus na Teilifíse

Máistir Ealaíon sna hEalaíona Cruthaitheacha trí Thaighde

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

Máistir Eolaíochta sna hEolaíochtaí Foghlama trí Thaighde

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlíonadh)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sna Meáin Béarla agus sa Staidéir Chultúrtha

Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

Máistir Ealaíon sna Daonnachtaí trí Thaighde

Máistir Ealaíon sa Ghnó agus san Fhiontraíocht trí Thaighde

Tá gach ceann de na cláir thuasluaite bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha lena n-áirítear cláir faoin gCóras Bailithe Creidmheasa agus Teastasaithe Ábhar (CBCTÁ) – 2009/2010

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon (modh CBCTÁ)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sna Meáin Béarla agus sa Staidéir Chultúrtha

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon (modh CBCTÁ)

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail

Diplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha

Teastas sa Chibirshíceolaíocht

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt

3.3.3 Cláir Lánaimseartha Nua a Cuireadh ar Fáil 2009/10

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léiriúcháin)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)

3.3.4 Teastas Nua Cáiliúcháin Shainchuspóirigh a cuireadh ar fáil 2009/10

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt

Teastas sa Scríbhneoireacht Chruithaitheach

3.4. Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.4.1 Bliain Acadúil 2009/2010

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht *(i Réamheolaire 2009/10)*

An Dr. Denis Harrington
An tUas. Ger Long
Margaret Dooner

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bhéarla, sna Meáin agus sna Staidéir Chultúrtha

An Dr. Patrick Matthews
An Dr. Ruth Barton
An Dr. Marcus Free
An tUas. Eamonn Maher

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

An tUas. Patrick Ryan
Margaret Dooner
An Dr. Caroline O'Sullivan

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht

An tUas. Ger Long
Margaret Dooner

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (Forlónadh 1 Bhliain, lánaimseartha agus páirtaimseartha)

Margaret Dooner

Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail

Stephanie McBride

Teastas sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach

An tUas. Eamonn Maher

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach

An tUas. Colm Dunphy
Orla Flynn

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc

An Dr. Andrew Donnellan

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

An tUas. Colm Dunphy
Orla Flynn

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)

An tUas. Colm Dunphy
Orla Flynn

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

An Dr. Brian Hughes
An tOll. Judy Edworthy

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

An Dr. John McCarthy
Ellen Helsper

Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáiliúchán Sainchuspóireach)

Ellen Helsper

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáiliúchán Sainchuspóireach)

An Dr. Brian Hughes

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán

An tUas. David Burrows
An tUas. Paul Wells

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan

An tUas. Paul Wells
Joanna Quinn

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht

An Dr. David Bate
An tUas. Max Kandhola

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid

An tUas. Tony Brook
Monika Parrinder

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon (Iánaimseartha agus CBCTÁ)

An Dr. Gavin Murphy
An tOll. Anne Tallentire

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse

An Dr. Debbie Ging
Lynda Myles

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse)

An Dr. Ruth Barton
An tUas. Mark O'Halloran

Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon

Eleni Roula Markopoulos

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís)

An Dr. Mark O'Brien
An tUas. Martin Mahon
An tUas. Ronan Kelly

Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha

An tUas. Emmet O'Neill

3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn

3.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2009/2010

Disciplín	An Chéad Bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Ardteastas sa Teicneolaíocht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	0	3	3
Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán	0	23	23
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	24	48	72
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach	-	15	15
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc	45	27	72
Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht	45	70	115
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha	30	16	46
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin	31	-	31
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan	29	78	107
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht	24	69	93
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid	33	83	116
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon	55	126	181
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse	33	89	122
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	103	98	201
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin	27	26	53
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)	-	10	10
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i mBéarla, na Meáin agus Staidéar Cultúir (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	81	166	247
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon	60	126	186
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht	48	69	117
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlíonadh)	-	53	53
Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse	-	16	16
Máistir Ealaíon i gCleachtadh na nAmharcealaíon	-	32	32
Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin i gcomhar an Raidió agus na Teilifíse	-	17	17
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtadh na nAmharcealaíon (CBCTA)	-	53	53


Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Disciplín	An Chéad Bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail (páirtaimseartha)	-	4	4
Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht (páirtaimseartha)	-	20	20
Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha	-	30	30
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	16	16
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	25	25
Teastas sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	19	-	19
Máistir Ealaíon i gCleachtaí na nAmharcealaíon (CBCTÁ)	-	27	27
IOMLÁN	687	1435	2122

NB Ní chuirtear clárúcháin le haghaidh Máistrí ná Máistrí Eolaíochta trí Thaighde san áireamh sna figiúirí thuasluaite.


Líon Iomlán Clárúchán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Gnáthcéim Bhaitsiléara	91	23	114
Céim Onóracha Bhaitsiléara	245	309	554




Líon Iomlán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardteastas	3	6	9
Gnáthcéim Bhaitsiléara	225	72	297
Céim Onóracha Bhaitsiléara	741	811	1552
Máistreacht/Dioplóma Iarchéime	24	41	65




Líon Iomlán na Mac Léinn Páirtaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Céim Onóracha Bhaitsiléara	9	55	64
Máistreacht/Diplóma Iarchéime	31	50	81
Cáiliúcháin Shainchuspóireacha	35	25	60



Líon na gCéimithe in 2009/10 de réir Leibhéal an Cháiliúcháin *

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardteastas	17	17	34
Gnáthcéim Bhaitsiléara	57	30	87
Céim Onóracha Bhaitsiléara	116	178	294
Máistreacht	32	42	74
Diplóma Iarchéime	1	9	10



* searmanais bhronnta céimeanna i Samhain 2009 agus Aibreán 2010

3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn

3.6.1 Duaiseanna/Gnóthachtálacha na Mac Léinn – 2009/2010

Comórtas Liteartha (Meán Fómhair 2009)

Bhuaigh 'Dorn', scannán Gaeilge, an comórtas gearrscannán ag Oireachtas na Gaeilge 2009. Bhí sé stiúrtha ag Dónal de Buitléir (3ú Bliain, Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse). Bronnadh duais de €5,000, arna hurrú ag Gael Linn, air ag Páirc an Chrócaigh ar 29 Meán Fómhair, 2009.

Féile Fhóram na gCartún (Meán Fómhair 2009)

Bhuaigh David O'Reilly 'Cartún dÓr 2009' dá scannán dar teideal '*Please Say Something*'.

Gradaim Ceoltheilifíse na hÉireann (Samhain 2009)

Bhuaigh céimí de chuid Scoil Náisiúnta na Scannán, Eoghan Kidney, trí ghradam ag Gradaim Ceoltheilifíse na hÉireann ag an Sugar Club i mBaile Átha Cliath:

- An Bunchoincheap ab Fhearr don Fhíseán '*Fight Like Apes – Something Global*'
- An Físeán ab Fhearr 2009 do '*Valerie Frances – Punches*'
- Gradam Stiúrthóir Ceolfhíseáin na Bliana

Féile Scannán Darklight (Samhain 2009)

Bhuaigh Louise Bagnell 'Gearrscannán ab Fhearr - Beochan' dá saothar 'Donkey'.

Gradam Mhac Léinn na Bliana, Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (Samhain 2009)

Bronnadh Gradam Mhac Léinn na Bliana ar na mic léinn seo a leanas de chuid Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ag an searmanas bronnta céimeanna i Samhain 2009:

- Erich King (Ardteastas san Innealtóireacht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc)
- Patrick Nethercott (Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach)
- Rebecca Richards (Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach)
- Dara Parkes-Kenna (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha)
- Keelan Carberry (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach)
- Mary O'Brien (Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht) don 'Script Bhronnta Céime ab Fhearr'

Gradam Lárionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2009)

Bronnadh Gradam Thionscadal Mic Léinn na Bliana ar Ghráinne Byrne (Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach) ag searmanas bronnta céimeanna 2009.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Gradaim Bonn Óir Bhanc na hÉireann (Samhain 2009)

Bronnadh boinn óir ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna in 2009:

- Katie O'Brien (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht)
- Richard O'Donnell (Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht)
- Francesca Piazzi (Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha)
- Patrick Boyle (Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail)
- Elizabeth Murphy (Teastas sa Staidéar Ginearálta)
- Sarah Flood (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha)
- Michelle McCarthy (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon)

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa ar Sarah Singleton (Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha).

Gradaim Premier Foods (Samhain 2009)

Bronnadh Gradam i mBainistíocht Margaíochta Straitéisí ar Richard O'Donnell (Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht) ag searmanas bronnta céimeanna 2009.

Gradaim Mac Léinn Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

(Samhain 2009)

Bronnadh gradaim ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta céimeanna in 2009:

- Leonard Bujari (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht) don Phlean Gnó ab Fhearr
- Luke Fitzgerald (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht) don Phlean Gnó ab Fhearr
- Karen Doyle (Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht) don Mharc ab Airde san Fhiontraíocht
- Grainne O'Malley (Baitsiléir Gnó (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon) dá Gnothachtáil i mBainistíocht Straitéiseach

Duais-sparántacht an Nuachtáin (Samhain 2009)

Bronnadh Duais-sparántacht an Nuachtáin ar na mic léinn seo a leanas de chuid an Bhaisiléara Ghnó san Fhiontraíocht ag an searmanas bronnta céimeanna in 2009:

- Robyn Strydom, Laura Kirwan, Karen Doyle, Laura Frankish agus Emma Casey

Clár Faisnéise Raidió (Nollaig 2009)

I mí na Nollag 2009, craoladh clár faisnéise dar teideal 'Leaving Care' de chuid Della Kilroy ar RTÉ Raidió 1. D'inis an clár scéalta daoine óga a bhí ag teacht in aois agus ag fágáil chúram an Stáit in Éirinn.

Féile Scannán Sundance (Eanáir 2010)

- Bronnadh Gradam Sármhaitheasa an Chineama Dhomhanda sa Chineamatagrafaíocht ar Kate McCullough agus Michael Lavelle dá gclár faisnéise dar teideal 'His & Hers'

Féile Idirnáisiúnta Scannán Jameson (Feabhra 2010)

- Bronnadh Gradam an Lucht Féachana ar Kate McCullough agus Michael Lavelle do 'His & Hers'.
- Bronnadh an Gradam don Chlár Faisnéise ab Fhearr agus Gradam Fionnachtana Michael Dwyer ar Kate McCullough do 'His & Hers'.

Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann (Feabhra 2010)

- Bronnadh an Gradam don Scannán Éireannach ab Fhearr ar Robert Walpole do 'The Eclipse'
- Bronnadh an Gradam don Scannán Faisnéise Éireannach ab Fhearr ar Andrew Freedman do 'His & Hers'
- Bronnadh an Gradam Stiúrthóra Teilifíse ar Chiarán Donnelly dá chuid oibre ar '*The Tudors*'.
- Bronnadh an Gradam Dearadh Léiriúcháin ar Anna Rackard do 'Ondine'

Gradaim Mac Léinn Chumann Ríoga na Teilifíse (Feabhra 2010)

- Bhuaigh Narayan Van Maele agus David Lester (2 bliain, léiriúchán i gcomhar scannán agus teilifíse) an Duais Drámaíochta do 'Aunt'.
- Bhuaigh Darragh Duffy (2 bliain, beochan) an Duais Beochana do 'Pest'

Gradaim na Meán Digiteach (Márta 2010)

Bronnadh Gradam Scannán Mic Léinn na Bliana ar Kelley O'Sullivan (3ú bliain, beochan) dá saothar dar teideal 'Cardboard Boy'.

Gradaim Fógraí Kodak do Mhic Léinn (Márta 2010)

Bhuaigh Ken Chambers, Niall Maher, Paul Cotrulia, Marcella Kinsella, Luca Rocchini agus Peter Walker (mic léinn an 4ú bliain sa léiriúchán i gcomhar scannán agus teilifíse) Catagóir Sainchúraim Kodak dá n-iarracht dar teideal 'Biscuit Tin'.

Gradaim Náisiúnta na Meán do Mhic Léinn (Aibreán 2010)

Bronnadh Gradam Ghearrscannán na Bliana ar Allyn Quigley (2 bliain, léiriúchán i gcomhar scannán agus teilifíse) do 'The Christmas Ward'.

Féile na Meán Ceilteach 2010 (Aibreán 2010)

Bhuaigh David Doran an Torc do Chúrsaí Reatha do '*Prime Time Investigates: Travellers on the Edge*'

Gradaim DARE2BDRINKAWARE (Aibreán 2010)

Bhuaigh Johnny Cullen agus Ivars Burtnieks (mic léinn an 3ú bliain, léiriúchán i gcomhar scannán agus teilifíse) an Chatagóir don Taibhiú ab Fhearr agus €1,000 do '*So, What Happened Last Night?*'

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Gradaim Intel (Aibreán 2010)

Bronnadh Scoláireacht Intel do Leanaí Fostaithe ar Leight Arthur (3ú bliain, beochan).

Comhdháil CHI (Aibreán 2010)

Tugadh cuireadh do mhic léinn de chuid an Bhaitisiléira Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach páirt a ghlacadh i gComhdháil CHI 2010 (a bhain le hidirghníomhaíocht daoine le ríomhairí) in Atlanta, Georgia, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Comórtas Dramaíochta ar líne de chuid RTÉ 'Storyland' (Bealtaine 2010)

Bhuaigh Conor McMahon comórtas 'Storyland' dá shaothar dar teideal 'Zombie Bashers'. Rinneadh sé thionscadal a choimisiúnú ar an iomlán as beagnach 140 iarracht.

Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2010)

Bronnadh an Gradam don Chéad Bheochan ab Fhearr, i gcomhpháirt le Cartoon Saloon, ar Phádraig Mannion do 'Action Evader'. Rinne Pádraig an saothar seo a stiúradh agus a léiriú.

3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn

3.7.1 An Coiste um Sheirbhísí do Mhic Léinn (CSML)

Bunaíodh Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (CSML), le comhbhallraíocht idir mic léinn agus baill foirne, i nDeireadh Fómhair 1998 chun clár agus seirbhísí éagsúla a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm atá ceaptha d'fhonn deis a thabhairt do mhic léinn a lánchumas acadúil agus pearsanta a bhaint amach. Tá an Coiste maoinithe ag an muirear bliantúil caipitíochta mac léinn agus tugann sé tacaíocht do na seirbhísí seo a leanas go hiomlán nó go páirteach:

- Seirbhís Liachta (Dochtúir agus Altra)
- Seirbhís Chomhairleoireachta
- Seirbhís Ghairmthreorach
- Oifigeach Spórt agus Áineasa
- Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Chomh maith leis na seirbhísí thuasluaite, réachtálann an Coiste ciste lánroghnach chun cúnamh a thabhairt do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais orthu. Déantar plé le gach iarratas faoi rún daingean.

Gach bliain, cuireann seirbhísí de chuid Choiste Sheirbhísí na Mac Léinn tuarascáil bhliantúil le chéile a dhéanann cur síos ar a ngníomhaíochtaí le linn na bliana. Tugtar breac-chuntas ar eochairphointí na dtuarascálacha sin thíos:

An Oifig Rochtana:

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí seo a leanas:
 - foghlaimoirí aosacha
 - mic léinn faoi mhíchumas
 - lucht fágála scoile faoi mhíbhuntáiste sóisialta
 - mionlaigh eitneacha / daoine den lucht siúil
 - tuismitheoirí aonair
 - tionscnaimh phobail.
- B'ionann an leithdháileadh do Chiste Cúnamh na Mac Léinn in 2009/10 agus €54,000 - laghdú ar an leithdháileadh in 2008/09. Tugadh cistiú do 150 mac léinn i gcaitheamh na bliana.
- Bhí méadú ar líon na mac léinn a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas ó 113 in 2008/2009 go dtí 145 in 2009/2010. As an méid seo, bhí Saindeacracht Foghlama (SDF) ar 115; 10 a raibh siondróm Asperger orthu, 7 a raibh Neamhord Easnamh Airde/Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde orthu, 3 lagéisteachta, 1

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

lagamhairc, 2 a raibh einceifilimíailíteas mialgeach (EM) orthu, 4 a bhí faoi mhíchumas fisiceach, agus 3 a raibh tinnis shuntasachta leantacha orthu. D'ainneoin líon méadaitheach na mac léinn atá ag lorg tacaíochta, laghdaíodh an Cistiúchán Míchumais 25% in 2009/2010.

- Bhuaile an Mheitheal Oibre Rochtana le chéile 6 huairé i gcaitheamh na bliana, agus chuir siad réimse leathan saincheisteanna faoi chaibidil i dtaca le rochtain do mhic léinn.
- Bronnadh €65,000 de thoradh ar iarratas a rinne Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar Thionscnamh na gCuntas Díomhaoín, Sraith 2 chun dhá thionscnamh a mhaoiniú - Tionscnamh Scoil na nEalaíon Cruthaitheach agus Tionscnamh Ilmheánach Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha do Scoileanna Áitiúla de chuid na Scéime um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS).
- Tá Oifig FÍS agus an Oifig Rochtana, trí Thionscnamh na gCuntas Díomhaoín, fós ag obair as láimh a chéile i dtreo a gcomhchuspóir a bhaint amach chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn in áiteanna áitiúla faoi mhíbhuntáiste. Is treoirthionscadal é Lárionad Pobail na Meán Digiteach, atá suite sa Bhaile Breac agus maoinithe ag Tionscnamh na gCuntas Díomhaoín, agus a fhreastalaíonn ar áiteanna i mBaile Uí Lachnáin agus i Seangánach/Ráth Salach mar chuid den Chlár um Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt. Díríonn an Lárionad ar leanaí agus ar dhaoine óga go háirithe d'fhonn iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcláir phobailbhunaithe iarscoile.
- Lean an Oifig Rochtana ar aghaidh ag cur nasc ar bun le grúpaí áitiúla pobail, lena n-áiríodh Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Comhpháirtíocht Bhré, an Oifig Oideachas Aosaigh - Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus Aontas.

Teicneolaíocht Chúnta

- Thug an tSeirbhís um Theicneolaíocht Chúnta tacaíocht do bhreis is 100 mac léinn in 2009/2010 trí úsáid a bhaint as réimse leathan teicneolaíochtaí, ar nós ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe teicneolaíochta cúnta.
- Chuir an Dr. Kelly Fitzgerald, COBÁC, saintacaíocht ar fáil do mhic léinn a raibh síondróm Asperger orthu.
- I measc na dTeicneolaíochtaí Cúnta as a mbaintear úsáid de ghnáth, tá:
 - Crua-earraí – Ríomhairí glúine, Foclóir agus stórchiste leictreonach, Scanóirí chun téacs a choigeartú ina théacs leictreonach agus Deachtafóin
 - Bogearraí – Read and Write Gold 8 (bogearra cúnta litearthachta), Dragon Naturally Speaking 10 (bogearra deachtaithe guth chuig téacs), Inspirations nó Mindmanager (bogearra mapála aigne) agus úsáideadh MS Word lena chuid gnéithe rochtana.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Cuireadh oiliúint (lenar áiríodh seimineáir) ar fáil do mhic léinn i dtaca le húsáid teicneolaíocht chúnta le linn 2009/2010.
- Cuireadh roinnt stáisiún oibre, a bhfuil scanóir agus teicneolaíocht chúnta suiteáilte orthu, ar fáil ar fud an champais i gcaitheamh na bliana.

An tSeirbhís Chomhairleoireachta: Tuarascáil Bhliantúil

- Chuaigh thart ar 9.8% de na mic léinn cláraithe i dteagmháil leis an tseirbhís go díreach maidir le túschoinne, agus as an méid sin, bhain 6.5% leas díreach as an tSeirbhís Chomhairleoireachta.
- Bhain 127 mac léinn leas as conradh síciteiripeach – méadú socair ar líon na n-atreoruithe mic léinn.
- Tharla 597 comhairle dhíreacha le mic léinn le linn an téarma acadúil a mhair idir 30 nóiméad agus 2 uair an chloig.
- Bhí dea-thoradh ar Chlár Ionduchtúcháin do Mhic Léinn na Chéad Bhliana, rud a áirigh cuairteanna ar ranganna.

An tSeirbhís Altranais: Tuarascáil Bhliantúil

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ar an bhfód le 12 bliain anuas, ag cur cúram leighis agus altranais ar fáil ar an gcampas do mhic léinn cláraithe de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.
- Déileáiltear le cásanna éigeandála de réir mar a éiríonn siad, agus féadtar coinní neamhphráinneacha a dhéanamh laistigh de 1-3 lá de ghnáth. Tá feidhm ag táille €10 ar chomhairlí leis an liachleachtóir ginearálta, ach níl aon táille i gceist le comhairlí leis an altra.
- Soláthraíodh 3091 comhairle le haltra agus 1025 comhairle le liachleachtóir ginearálta do na mic léinn i rith bhliain acadúil 2009/2010. Bhí méadú de 3.46% ar líon na comhairlí le haltra agus méadú de 4.97% ar líon na gcomhairlí le liachleachtóir ginearálta go dtí 1,025 idir Meán Fómhair 2009 agus Meitheamh 2010.
- Bhí réimse leathan saincheisteanna sláinte ag na mic léinn a thug cuairt ar an tSeirbhís ar nós géarbhreoiteachta, pleanáil clainne, scagthástáil sláinte ghnéis, agus dúlagar/fadhbanna meabhairshláinte agus riochtaí ainsealacha a dhiagnóisiú.

An tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde Tuarascáil Bhliantúil

Léiríonn soláthar na Seirbhíse Scríbhneoireachta agus Taighde feasacht na hInstitiúide ar na riachtanais éagsúla atá ann i measc na mac léinn, ar an mbeartas cuimsithe do na mic léinn uile, mic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama (SDF) orthu san áireamh, agus ar na dualgais reachtúla atá ann ó thaobh freastal ar a riachtanais agus ar theidlíochtaí mac léinn. Oibríonn an tSeirbhís ar roinnt leibhéal éagsúil ar fud na hInstitiúide d'fhonn réimse cuimsitheach de thacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear Measúnú Riachtanas, tacú le hiarratais ar chistiú, comhréitigh i dtaca le scrúduithe, dul i dteagmháil le ceannasaithe roinne, comhordaitheoirí cúrsa agus léachtóirí maidir le deacrachtaí atá ag mic léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse ná cabhair a thabhairt do mhic léinn chun a lánchumas a bhaint amach, éileamh ar acmhainní foirne a laghdú agus a chinntiú go mbaintear caighdeáin riachtanacha na gcúrsaí amach. Baintear é seo amach trí sheimineáir maidir le hábhair is cúram do mhic léinn a réachtáil, ranganna teagasc duine le duine a shocrú d'fhonn dul i ngleic le deacrachtaí mac léinn aonair, agus áiseanna tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama/Dislécse orthu.
- Chláraigh 140 mac léinn a raibh Saindeacrachtaí Foghlama orthu leis an tSeirbhís in 2009/2010, líon ab ionann agus 1% de líon iomlán na mac léinn. B'ionann an líon seo agus méadú de 44% ar an líon in 2008/2009, tráth ar chláraigh 97 mac léinn leis an tSeirbhís.
- Tugadh seisiúin túseolais do mhic léinn úra na chéad bhliana, rud a méadaíodh feasacht ar an tSeirbhís go suntasach.
- I measc na seimineár a réachtáladh, bhí breacadh nótaí, teicnící léitheoireachta, scríobh aistí, stíl acadúil tagairtí, scileanna taighde, bainistíocht ama, pleanáil tráchtas, leagan amach spriocanna, spriocdhátaí, teicnící i gcomhar scrúduithe, scileanna láithreoireachta, agus seimineáir a bhain le cúrsaí ar leith.
- I Márta 2010, cuireadh Comhdháil AHEAD maidir le Dislécse ar siúl in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Bhí an t-imeacht réachtáilte ag an tSeirbhís Rochtana, ag an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde agus ag an gCumann um Rochtain ar an Ardoideachas agus Míchumas. Cuireadh tús leis an gcomhdháil seo de thoradh ar chomharthionscnamh dhá bhliain idir an tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde agus mic léinn an 3ú bliain sa bheochan a chuir DVD beoite 24 traic maidir le Dislécse le chéile chun críche oiliúna agus oideachais.
- Sa mhullach ar an tacaíocht speisialta, cuireann an tSeirbhís seirbhís scagthástála ar fáil, ar atreorú ón bhfoireann, d'fhonn na deacrachtaí atá ar mhac léinn a mheas. Tá measúnú iomlán ó shíceolaí oideachasúil ag teastáil go fóill chun Dislécse/Saindeacracht Foghlama a dhiagnóisiú.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Oibríonn an tSeirbhís as lámh a chéile leis an Oifigeach Rochtana chun a chinntiú go mbaintear leas as gach cistiú agus tacaíocht atá ar fáil ó Chistiú Seachtrach agus ó Chiste Sóisialta Eorpach na hOifige Náisiúnta Rochtana.
- Bíonn an tSeirbhís i dteagmháil leanúnach le gníomhaireachtaí seachtracha, ar nós an Chumainn um Rochtain ar an Ardoideachas agus Míchumas, na hOifige Náisiúnta Rochtana agus Chumann Disléicse na hÉireann.

An tSeirbhís Ghairmthreorach: Tuarascáil Bhliantúil

- I measc na hoibre a dhéanann an tSeirbhís Ghairmthreorach, tá cruinnithe duine le duine le mic léinn, fiosrúcháin ó mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus láithreoireachtaí maidir le gairmeacha beatha, an Clár um Oideachas Gairmeacha Beatha – láithreoireachtaí ag am lóin agus aoichainteoirí, teagmháil le fostóirí, lena n-áirítear mic léinn agus céimithe a chur ar an eolas faoi dheiseanna fostaíochta, Taispeántais Ghairmeacha Beatha do Chéimithe, bunachar sonraí a fhorbairt chun teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú, suirbhéanna faoi cheannphointí céimithe
- Laghdaíodh líon na gcoinní gairmthreorach duine le duine 4% go dtí 173 don bhliain, agus rinneadh plé le roghanna clár/ábhar, tarraingt siar ó chlár, iarchur clár, dul chun cinn ó Leibhéal 7 go dtí Leibhéal 8, staidéar iarchéime, straitéisí cuardaigh poist, obair/taisteal thar lear, CV agus iarratais, agallaimh, taithí oibre, obair páirtaimseartha/samhraidh agus scoláireachtaí.
- Cuireadh mic léinn ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Ghairmthreorach ar na bealaí seo a leanas:
 - Suíomh Idirlín Aontas na Mac Léinn (an clár post go háirithe)
 - Bunachar sonraí na Seirbhíse Ghairmthreorach
 - Blackboard VLE
 - Clár fógraí ar fud na hInstitiúide
 - Clár Ionduchtúcháin do Mhic Léinn na Chéad Bhliana
- Tugann an Clár um Oideachas Ghairmthreorach láithreoireachtaí díreacha do ghrúpaí ranga (blianta bronnta céime). I mbliana, tugadh láithreoireachtaí i dtaca le Pleanáil Gairmeacha sa Bhliain Dheiridh; Taighde agus Roghanna Iarchéime; Acmhainní Gairmeacha; agus Tacaíocht tar éis an Institiúid a Fhágáil don Mhac Léinn. I measc na láithreoireachtaí a thug aoichainteoirí, bhí láithreoireachtaí maidir le hObair (Dheonach) Thar Lear, le hOiliúint Múinteoirí, le Scríobh Teistiméireachtaí, agus le Gairmeacha Ealaíne agus Deartha.
- Tá obair ar bun ar bhonn leanúnach chun forbairt a dhéanamh ar an mBunachar Sonraí de Chéimithe agus d'Fhostóirí atá ag an tSeirbhís Ghairmthreorach d'fhonn teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú. I gcás fhormhór na jabanna atá á dtairiscint faoi láthair, áfach, tá an bhéim á leagan ar shaincileanna mac léinn/céimithe agus ar intéirneachtaí neamhíochta.

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- Tugadh faoin Suirbhé ar Cheannphointí Chéimithe 2008 agus fuarthas freagra ó 69% de na mic léinn. Fuarthas sonraí úsáideacha de thoradh ar an suirbhé seo agus leanfar ar aghaidh leis an suirbhé as seo amach.

3.7.2 Aontas na Mac Léinn

Bunaíodh Aontas na Mac Léinn i Samhain 1998 ag an Institiúid chun ionadaíocht a dhéanamh do leas na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus d'fhonn cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba iad Gavin Clarke agus Anna Wallace an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán faoi seach do bhliain acadúil 2009/2010.

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

4.1.1 Forbairtí Ginearálta

Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPPanna) – i Meán Fómhair 2009, seoladh an chéad ghrúpa tionscadal a bhí maoinithe trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí. Chuimsigh na tionscadail seo tograí le haghaidh fhoirgneamh múinte na meán digiteach (chomh maith le bialann nua), halla ilchuspóireach agus ceardlann. I gcaitheamh 2009/2010, chuir an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA) próiseas tairisceana iomaíche i dtreo forbróir a roghnú i leith na dtionscadal seo.

An Scéim um an Margadh Fostaíochta a chur i nGníomh - in earrach 2010, chuir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire tograí faoi bhráid na Scéime um an Margadh Fostaíocht a chur i nGníomh agus bhí sí ina comhpháirtí i dtogra eile a cuireadh faoi bhráid na Scéime chomh maith. Ar 1 Meitheamh 2010, d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan T.D., go gcuirfí 6,589 áit oiliúna ar fáil do dhaoine dífhostaithe faoi Chiste um an Margadh Fostaíochta a chur i nGníomh. Rinneadh thart ar €20 milliún a leithdháileadh ar an Ciste Oiliúna. Tugadh cead don Institiúid 68 áit a chur ar fáil faoi Scéim na nGearrchúrsaí. Thug gach rannpháirtí faoi Chlár 'Digital Creator'.

4.1.2 Tionscadail

An Gréasán Eorpach um Ghlúin Nua Fiontraithe Scáileáin a Chothú (GEGNFSC) – In 2010, fuair an GEGNFSC maoiniú ó Scéim Túsoiliúna Mheáin an AE don tríú bliain agus tharla an chéad cheardlann de Sraith GEGNFSC 2010 i mBaile Átha Cliath ó 12-14 Aibreán - bhí na himeachtaí ar siúl ar Champas Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ar an gcéad lá agus ar an tríú lá. Tharla imeachtaí an dara lá sa 'Light House' i Margadh na Feirme. Bhí an dara ceardlann de Sraith GEGNFSC 2010 ar siúl i nDún Éideann ag Acadamh Scáileáin na hAlban, ó 14 go dtí 16 Meitheamh. Is comhpháirtí i dtionscadal an GEGNFSC í Scoil Náisiúnta na Scannán ag an Institiúid, rud atá maoinithe ag Clár Meán an Chomhphobail Eorpaigh.

Bhí an GEGNFSC curtha ar bun ar an gcéad dul síos mar chomhoibriú idir trí mhórscoil scannán na hEorpa, Acadamh Scáileáin na hAlban ag Ollscoil Napier, Scoil Bhaltach na Scannán agus na Meán ag Ollscoil Tallinn agus Scoil Náisiúnta na Scannán ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Chuaigh an Ollscoil Ealaíne agus Deartha (UIAH, Heilsincí, an Fhionlainn) isteach sa Ghréasán in 2009. An Gréasán Eorpach um Ghlúin Nua Fiontraithe Scáileáin a Chothú (GEGNFSC) - tugann

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

an Gréasán mic léann sa scannánaíocht agus céimithe (scríbhneoirí, léiritheoirí agus stiúrthóirí) as tíortha éagsúla na hEorpa le chéile ag trí cheardlann a bhíonn ar siúl in Éirinn, san Eastóin agus in Albain. Tugann an GEGNFSC cúnamh do rannpháirtithe tuiscint níos fearr a fháil ar phróisis comhléiriúcháin idirnáisiúnta agus ar fhorbairt comhthionscadal.

An Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach– Nollaig 2009, glacadh le togra SeeSearch ó Hilary Kenna chun an Lárionaid agus tugadh cead agus maoiniú di chun leanúint ar aghaidh le staidéar féidearthachta. Déanfar uirlis léirshamlaithe comhéadan úsáideora cuardaigh a fhorbairt mar chuid de thionscadal SeeSearch, a úsáidfeadh le haghaidh catalóga leabharlainne ar líne ar dtús, agus chun a hinmharthanacht a thástáil i gcomhthéacs teicneolaíochtaí rochtana faisnéise eile.

Comhthionscadal idir Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin – ghlac mic léinn de chuid na hInstitiúide páirt i dtionscadal dar teideal 'Cruthaigh' in Aibreán 2010 inar oibrigh siad le hothair san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin i mBaile Átha Cliath. Ina dhiaidh seo, d'oscail an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Mary Hanafin T.D. taispeántas saothar a táirgeadh i rith an tionscadail.

Tionscadal dViz/Vizi

In 2009, cuireadh tús le Tionscadal Vizi sa Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach, agus Hilary Kenna ina príomhthairneoir d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Is ardán ar líne é a éascaíonn sonraí staitistiúla a chur i gcomhthéacs i bhfóram trí theicneolaíocht dhinimiciúil léirshamlaithe a úsáid. Is é bunsprioc an tionscadail seo luach na sonraí a fhíorú trí ardán a chur ar bun a chuirfidh úsáideoirí ar a gcumas sonraí a léirshamlú, a ionramháil agus a rianú ar bhealach atá bríoch dóibh. Féadtar úsáid a bhaint as an léirshamlú dinimiciúil sin chun gaolta teagmhasacha a chur faoi chaibidil i gcomhthéacs cinnteoireachta agus ceapadh beartais agus tátail fhianaisebhunaithe a bhaint as ina leith sin. Is comhpháirtíocht é an tionscadal idir an Lárionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach, Twelve Horses Teo., Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Córas CAVE – suiteáladh CAVE (córas réaltachta fíorúla tumthaí) i bhfómhar 2009, le maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann, agus cuireadh clár taighde agus comhoibríthe leis an tionscal i bhfeidhm. Baineann an córas úsáid as córas rianaithe gluaisne gan sreang d'fhonn tacú le taighde in: Cibirshíceolaíocht agus Staidéar Cognaíoch, Léirshamlú agus Idirghníomhú Fíorama, Grafaicí Idirghníomhacha ar ardchaighdeán, agus Fréamhshamlacha i gcomhar sainréimsí ar nós pleanáil agus na n-amharcealaíon.

Polasaithe Cruthaitheacha don Chathair Chruthaitheach – i Meán Fómhair 2009, bronnadh maoiniú de €90,000 ar GradCAM faoi Sraith 2 de CE-OCC (Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúr an Choimisiúin Eorpaigh). Is tionscadal é 'Polasaithe Cruthaitheacha don Chathair Chruthaitheach' a fhorbraíonn réitigh chultúrtha a théann i ngleic le saincheisteanna reatha laistigh de

gach ceann dár réigiún, ar nós 'saol sibhialta ilchultúrtha a fhorbairt don ionad stairiúil Toledo in Castilla - La Mancha'; 'rannpháirtíocht grúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí a éascú i dtreo réitigh uirbeacha a fhorbairt do Newcastle-Gateshead'; agus 'dul i ngleic le saol sibhialta i mbruachbhailte lasmuigh d'uaireanta oifige i gcás Dhún Laoghaire'. Forbraíodh cuibhreasann 'Polasaithe Cruthaitheacha don Chathair Chruthaitheach' de thoradh ar ghréasán neamhfhoirmiúil tionscal cruthaitheach idir na comhpháirtithe seo a leanas: Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire - GradCAM (Éire), 'Creativity, Culture & Education/Creative Partnerships' (an Ríocht Aontaithe) agus 'Simetrías Fundación Internacional' (an Spáinn).

Tionscadail SIF

Le linn 2009/2010, ghlac Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire páirt i dtrí thionscadal SIF as ar bhain sí tairbhe chomh maith. Chuir na tionscadail de chuid Institiúidí Teicneolaíochta Éireann/Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath maoiniú ar fáil i leith saineolas solúbtha foghlama agus tacaíochtaí foghlama ar líne a fhorbairt ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, chomh maith le creat comhoibríoch a chur ar bun chun roinnt fios gnó agus saineolais a éascú thar an earnáil teicneolaíochta.

4.2 Naisc Seachtracha Forbartha

Mic Léinn Erasmus – I Meán Fómhair 2009, shroich mic léinn Erasmus as an bhFrainc agus as an nGearmáin campas na hInstitiúide, agus mic léinn dár gcuid sa Fhrainc.

Gradaim Scannán FÍS – bhí cúigiú Gradaim Bhliantúla FÍS ar siúl sa Helix in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar 20 Deireadh Fómhair 2009. Glacann scoileanna ó fud fad na hÉireann páirt sa tionscadal chun gearrscannáin a chruthú, ó bheochaintí go dtí cláir faisnéise agus drámaí oideachasúla. I measc na scoileanna a bhuaigh duaiseanna, bhuaigh Scoil Náisiúnta Aodáin, Mainistir Réadáin, Co. Shligigh, duais do scannán dar teideal 'The Train to Ballaghadreen'. Bhuaigh an saothar seo de chuid daltaí ón 3ú go dtí an 5ú rang an gradam do 'Chlár Faisnéise' ag Féile Scannán FÍS 2009 agus tugadh tuairisc mar gheall air ar chlár 'Nationwide' de chuid RTÉ ar 3 Feabhra 2010.

Comhaltacht Chuairte Scoil Náisiúnta na Scannán - I Samhain 2009, ba é an tOllamh John Canemaker an chéad chomhalta a thug cuairt ar Scoil Náisiúnta na Scannán. Bhí sé ar champas Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ó Dé Luain, 9 Samhain go dtí Dé hAoine, 20 Samhain 2009. Mhúin sé máistir-ranganna do ghrúpaí 4ú bliain den Chlár Beochana gach maidin. I dteannta na léachtaí agus an mhúinte, d'eagraigh Scoil Náisiúnta na Scannán trí imeacht phoiblí/tionscail in éineacht leis an Ollamh Canemaker, lenar áiríodh: léacht faoi

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Winsor McCay, duine a rinne ceannródaíocht ar an mbeochan, ar 10 Samhain; 'Tráthnóna in éineacht le John Canemaker' ag Institiúid Scannán na hÉireann ar 12 Samhain; agus seisiún tionscail (arna mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann) ag Pictiúrlann an Tí Solais ar 16 Samhain i gcomhar le Beochan Éireann. Tá Comhaltacht Chuarthe Scoil Náisiúnta na Scannán arna tacú ag Bord Scannán na hÉireann agus ag Clár Ealaíontóirí Cuairte Acadamh na nEalaíon agus na nEolaíochtaí Scannán.

5ú Ceardlann *Film Spring* (an Pholainn) – i Meán Fómhair 2009, thaistil Joanna Goldyn (4ú bliain, Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse) go dtí Jurata, an Pholainn chun páirt a ghlacadh i 5ú Ceardlann Film Spring. Arna eagrú ag FOCAL (an Eilvéis), UIAH (an Fhionlainn), Scoil Idirnáisiúta Scannán Cologne (an Ghearmáin), Cumann Scannánóirí na Polainne (an Pholainn) agus Mediefabrikken (an Iorua), bhí Film Spring faoi mheantóireacht an chineamatagrafadóra Oscar-ainmnithe, Slawomir Idziak. D'oibrigh 14 scannánóir óga Eorpacha ar script a scríobh Joanna.

Cuairt Mac Léinn ar an tSín - Ar 19 Bealtaine, 2010, a thosaigh grúpa 25 mac léinn agus léachtóirí de chuid an Bhaitsiléara Ghnó (Onór.) san Fhiontraíocht in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire cuairt 10 lá ar an Aonach Domhanda ag *Expo 2010* in Shanghai, áit a raibh puball ag Éirinn chomh maith. Thiomsaigh na mic léinn an t-airgead dá dturas trí fhiontair spreagúla agus gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid.

GradCAM Dhún Laoghaire 5-8 – cuireadh tús le clár ceoil agus ealaíon ar 20 Bealtaine 2010, agus bhí na himeachtaí deireanacha den chlár ar siúl ar 17 Meitheamh. Ba é comharghnó ealaíontóirí-taighde ó GradCAM a thug faoin gclár píolótach seo d'fhonn smaointe úra i gcultúr poiblí a fhorbairt. Bhí sé eagraithe i gcomhpháirt le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, gnólachtaí áitiúla agus cónaitheoirí.

Tionscadal Brandála Dhún Laoghaire – In 2010, tugadh cuireadh do roinnt mac léinn de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire páirt a ghlacadh i dTionscadal Brandála Dhún Laoghaire a bhí á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá 75% den tionscadal arna mhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) trí Chlár Interreg IVA na hÉireann/na Breataine Bige. Is tionscnamh pobail an AE é a bhfuil sé mar aidhm aige comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a threisiú trí chomhoibriú idirnáisiúnta agus trasteorann a chur chun cinn. Tá mic léinn agus baill foirne de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ionadaithe ar Mheitheal Stiúrtha um Chur Chun Cinn Bhaile Dhún Laoghaire, grúpa atá ag obair d'fhonn branda Bhaile Dhún Laoghaire a shonrú agus a fhorbairt.

4.3 Forbairt an Champais

Bliain Acadúil 2009/2010

Scoil Náisiúnta na Scannán - I Márta 2007, chuir an Coiste Forbartha tús le feachtas tiomsaithe airgid agus bailíodh €110,000. Bainfear úsáid as an airgead seo chun trealamh a cheannach i bhfoirgneamh nua Scoil Náisiúnta na Scannán nuair a bheidh sé críochnaithe. Seoladh clár forbartha Scoil Náisiúnta na Scannán ar 12 Bealtaine 2008, agus i mí na Samhna 2008 fuair an Institiúid cead ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta an t-iarraitas ar chead pleanála le haghaidh Scoil Náisiúnta na Scannán a chur faoi bhráid na n-údarás, rud a bhí ceadaithe i Samhradh 2009. Cuireadh tús le próiseas tairisceana iomaíche i bhfómhar 2009 inar cuireadh gach aighneacht ar aghaidh chuid an Roinn Oideachas agus Eolaíochta le haghaidh faomhadh. D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe T.D. an togra i leith foirgneamh Scoil Náisiúnta na Scannán a thógáil ar champas Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire go foirmiúil Dé Luain, 29 Eanáir, 2010. I samhradh 2010, cuireadh tús le tógáil fhoirgneamh nua Scoil Náisiúnta na Scannán.

4.4 Bainistíocht Sábháilteachta

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta maidir le gach gné de shábháilteacht, shláinte agus leas do bhaill foirne, mhic léinn, chuairteoirí agus chonraitheoirí. Le linn bhliain acadúil 2009/2010, d'fhreastail baill foirne bhainteacha ar na cúrsaí oiliúna sábháilteachta seo a leanas: Láimhsiú Sábháilte, Oiliúint in Úsáid Uath-dhífhibrileora Sheachtraigh, Teastas Rochtana Míchumais Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, measúnú riosca ceimiceán, oiliúint Pas Shábháilte. In Eanáir 2010, cuireadh prótacal teagmhais chriticiúil na hInstitiúide i bhfeidhm d'fhonn déileáil leis an adhamsir agus leis an nganntanas uisce. Le linn bhliain acadúil 2008/09, cuireadh nósanna imeachta measúnaithe riosca i leith tacú le baill foirne ag iompar clainne chun críche agus cuireadh i bhfeidhm iad. Reáchtáladh cleachtadh dóiteáin ar 24 Márta, 2010 i dtrí fhoirgneamh ar an gcampas, agus rinneadh iad a aslonnú laistigh de na hamanna seo a leanas:

- An Chearnóg - 7 nóiméad 10 soicind
- An tAitriam - 4 nóiméad 10 soicind
- Foirgneamh na Carraige Léithe - 2 nóiméad

Rinneadh tástáil ar gach fearas iniompartha ar an gcampas agus ar gach umar agus foinse uisce le linn 2009/10 chun a chinntiú go raibh an t-uisce ar chaighdeán cuí agus saor ó Legionella ar aon dul leis na rialacha bainteacha.

5. Pearsanra

5.1 Líon na mBall Foirne

Tá na figiúirí seo a leanas bunaithe ar Choibhéis Lánaimseartha

	<u>2009/10</u>
Acadúil	122
Taighde	2
Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	51
Seirbhísí do Mhic Léinn	6
Tacaíocht Theicniúil	11
Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>14</u>
Iomlán	<u>206</u>

5.2 Gnóthachtálacha Foirne

5.2.1 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Taispeánadh 'Derek Mahon – The Poetry Nonsense' le Roger Greene ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar 10 Bealtaine, 2010.

Taispeánadh 'Circus Born', scannán faisnéise le Matt Skinner faoi Mhuintir Fossetts, ag Féile an Locha Réidh ar 6 Meitheamh, 2010.

Bronnadh Gradam James Horgan don Bheochan ab Fhearr ar David Quinn don saothar a stiúir agus a léirigh sé dar teideal 'Mister Heaney – A Wee Portrait' ag Fleadh Scannán na Gaillimhe (Iúil 2010).

Chuir na baill foirne seo a leanas a saothar ar taispeáint le linn bhliain acadúil 2009/2010:

Cecily Brennan, Saoirse Higgins agus Mark Joyce

Thug na baill foirne seo a leanas óráidí ag comhdhálacha/siompóisiamáí le linn bhliain acadúil 2007/2008:

an Dr. Maeve Connolly

- '*Urban Landmarks and Regenerated Cityscapes in Helen*' – Comhdháil an Chineama agus na nAmharcealaíon, Ollscoil Winchester, an Ríocht Aontaithe
- '*Evolutions of Cinematic Space: from Multi-screen Projections to Cine-material Installations*' – an Chomhdháil um Spás Cineamatach a Fhiosrú, Heilsincí, an Fhionlainn

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

- '*Visualising the Viewing Public: Kutlug Ataman, Thomas Hirschhorn and the Return of the Television Audience*' - Cumann na gColáiste Ealaíne, Chicago, Stáit Aontaithe Mheiriceá
- '*Visualising Everyday Life in the Presentation Order: Site, Gender and Genre in Presentation Sisters by Tacita Dean*' - an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- '*Curating Before and After Conflict: The Prehistory of the Crisis*' - Tionscnamh Lárionad na nEalaíon, Baile Átha Cliath

an Dr. Linda King

- '*Politics, Pragmatism and National Identity: The Legacy of Aer Lingus Advertising*' – Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath
- '*It's Easy By Air: Nationalism, Internationalism and the Aer Lingus Travel Poster*' – Músaem Náisiúnta na Clódóireachta, Baile Átha Cliath
- '*Through Dutch Eyes: Aer Lingus' Influence on Irish Tourism Advertising*' – Comhdháil ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- '*Cream-cheeked Stewardesses in Heather Flecked Tweeds: Aer Lingus and the Visualisation of Irish Femininity*' – Ollscoil Luimnigh
- '*Corporate Architecture: the Iveagh Trust Building Programme, 1890-1905*' – Comhdháil an Chumainn um Staidéar ar Éire an 19ú hAois, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2009/10:

an Dr. Barbara Hughes, an Dr. Linda King, Elaine Sisson, Sorcha O'Brien agus an Dr. Maeve Connolly, Liam Doona, an Dr. Kevin Rafter

5.2.2 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

D'fhreastail na baill foirne seo a leanas ar chomhdhálacha le linn bhliain acadúil 2009/10:

Therese Moylan

- '*Irish Women in business: businesswoman, philanthropist or social entrepreneur?*' – Cumann Stair Gnó na hEorpa, Glaschú
- '*The Creative Industries and the development of cultural entrepreneurship education – reality or myth?*' – Comhdháil ACEI, Kyoto, an tSeapáin

An Dr. Díóg O'Connell

- '*Immersed in Two Traditions: Adam & Paul & Garage*' ag EFACIS, Vín, an Ostair
- '*Theory and Practice: Teaching Screenwriting - 3rd Level*' ag an gComhdháil um Scríbhneoireacht Scáileáin a Athshamhlú, Heilsincí, an Fhionlainn

Michael Murphy

- '*The Production of the Irish Music Industry*' – Comhdháil Chumann Socheolaíoch na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Selena Guinness

- *'The Davises of Cloragh & Tibbradder'* – Cumann Staire Chnoc Lín (Léacht phoiblí)

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2009/10:

An Dr. Cathy McGlynn, an Dr. Paula Gilligan, an Dr. Barbara Hughes, Selena Guinness agus Michael Murphy

Chomhoibrigh an Dr. Christine Horn, Hannah Barton agus Clíona Flood lena chéile chun sraith podchraoltaí, dar teideal *'An Exercise in Teaching Group Skills'*, a léiriú ag Siompóisiam an Acadaimh Náisúnta um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama i gCorcaigh (Meán Fómhair, 2009).

5.2.3 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

D'fhreastail na baill foirne seo a leanas ar chomhdhála le linn bhliain acadúil 2009/10:

Andrew Power

- *'Rethinking Governance for Social Networks'* - An Dlí a Athsmoineamh, Collóicium do Mhic Léinn Dlí i gColáiste na Tríonóide (Feabhra 2010) agus Ollscoil Wolverhampton (Aibreán 2010)
- *'Engaging the Citizen and Stakeholders through Technology'* - Comhdháil comhairliúcháin phoiblí IPA
- *'Online Identities in the Virtual Classroom'* (A. Power agus G. Kirwan) seisiún póstaer - Sárthaispeántas Múinteoireachta agus Foghlama Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- *'Law and the Cybercitizen'* – An Dlí a Athsmoineamh, Collóicium do Mhic Léinn Dlí i gColáiste na Tríonóide
- *'Governing in Cyberspace'* - Comhdháil Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí Sóisialta Idirhisciplíneacha, Ollscoil Cambridge, an Ríocht Aontaithe

An Dr. Marion Palmer

- *'Managing Assessment'* Ceardlann ag an Dara Comhdháil Bhliantúil de chuid an Ghréasáin um Fhoghlaim agus Nuáil, Baile Átha Luain
- *'Assessment and Standards - Approaches to Implementation'* - póstaer a cuireadh i láthair ag seimineár 3 Bhord Cáilíochta na nOllscoileanna Éireannacha, Baile Átha Cliath
- *'Programme Assessment Strategies – making assessment transparent or needless bureaucracy?'* agus *'Designing & Delivering Curricula for the Future'* – Comhdháil an Chumainn uile-Éireann um Ardoideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- *'Exploring Teaching in Institutes of Technology'* - Lón Brown Bag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

an Dr. Irene Connolly

- *'Prevalence Rates of Cyberbullying: National versus International'* - 39ú Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaithe na hÉireann, Loch Garman.

An Dr. Gráinne Kirwan

- *'Presence and the Victims of Crime in Online Virtual Worlds'* - an 12ú Ceardlann Bhliantúil Idirnáisiúnta um an Láithreach, Los Angeles, Stáit Aontaithe Mheiriceá
- *'Victim facilitation and blaming in cybercrime cases'* - Comhdháil Cyberspace 2009, Brno, Poblacht na Seice
- *'Online Identities in the Virtual Classroom'* (A. Power agus G. Kirwan) seisiún póstaer - Comhdháil Múinteoireachta agus Foghlama Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Tim McNichols

- *'Examining the Effects of Immerse Virtual Reality on Consumer Learning'* – an 3ú Comhdháil Bhliantúil um Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Foilsíodh foilseacháin de chuid na mball foirne seo a leanas i gcaitheamh bhliain acadúil 2009/10:

Andrew Power, an Dr. Marion Palmer, Andrew Errity, an Dr. Christine Horn, an Dr. Gráinne Kirwan

6. Tuarascálacha Airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2009/2010

Ghlac an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste leis na cuntais iniúchta gan choinníoll ar 21 Nollaig, 2011.

Leagtar *Leagan Giorraithe* de na Ráitis Airgeadais amach in Aguisín A.I.

7. Comhionannas Deiseanna

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Aguisín A.I

Leagan Giorraithe de na Ráitis Airgeadais 2009/2010

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2010</u> <u>€000</u>	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2009</u> <u>€000</u>
IONCAM		
Deontas ón Stát	9,408	10,902
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	1,662	1,733
Táillí Teagaisc	5,676	4,826
Táillí Cláraithe Mac Léinn	3,032	1,559
Deontais agus Conarthaí Taighde	1,290	907
Ioncam aitheanta ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	200	215
Ioncam ó Ús	251	241
Ioncam Eile	<u>1,094</u>	<u>1,275</u>
	<u>22,613</u>	<u>21,658</u>
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	9,202	9,753
Seirbhísí Acadúla	424	489
Costais Saoráidí	1,916	1,836
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC	3,819	4,298
Costais Ghinearálta Oideachasúla	319	350
Seirbhísí maoinithe ag an Táille Cláraithe Mac Léinn	989	856
Deontais agus Conarthaí Taighde	1,265	773
Ioncam feidhmithe ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	233	175
Dímheas	<u>1,662</u>	<u>1,733</u>
	<u>19,819</u>	<u>20,263</u>
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN	2,794	1,395
LEITHROINNTE AR AN gCÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL (152)		(79)
DÍSCRÍOBH DEONTAIS ATHFILLTIGH STÁIT	(1,181)	0
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AR 1 MEÁN FÓMHAIR	<u>4,782</u>	<u>3,466</u>
BARRACHAS CARNACH AMHAIL AR AT 31 LÚNASA	<u>6,243</u>	<u>4,782</u>

Níl aon sochar ná dochar aitheanta ann seachas a bhfuil luaite sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 25 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Uachtarán

An Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2009/2010)

	<u>2010</u> <u>€000</u>	<u>2009</u> <u>€000</u>
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní Inláimhsithe Seasta	34,972	35,672
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	740	1,817
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	8,543	6,173
	9,283	7,990
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe agus Caiteachais Fhabhráithe		
Suímeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin	(1,658)	(1,978)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA	<u>7,625</u>	<u>6,012</u>
GLANSÓCMHAINNÍ	<u>42,597</u>	<u>41,684</u>
LÉIRITHE AG:		
Deontais Chaipitil Iarchurtha	34,972	35,672
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	6,243	4,782
Cúlchiste Forbartha Caipitil	<u>1,382</u>	<u>1,230</u>
	<u>42,597</u>	<u>41,684</u>

Tá an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 25 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Uachtarán

An Ráiteas Sreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2009/2010)

	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2010</u>	<u>Bliain dar Críoch</u> <u>31 Lúnasa 2009</u>
Réiteach barrachais oibriúcháin agus glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	€000	€000
Barrachas Oibriúcháin	2,794	1,395
Ioncam ó Ús	(251)	(241)
Dímheas	1,662	1,733
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	(1,662)	(1,733)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	1,077	124
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe	(320)	673
Aistriú ón gCúlchiste Forbartha Caipitil	0	(3)
Díscríobh Deontais Athfhilltigh Stáit	<u>(1,181)</u>	<u>0</u>

Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>2,119</u>	<u>1,948</u>
--	--------------	--------------

AN RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>2,119</u>	<u>1,948</u>
--	--------------	--------------

Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais

Ús faighte	251	241
------------	-----	-----

Caiteachas Caipitiúil

Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	<u>(962)</u>	<u>(2,623)</u>
--	--------------	----------------

Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitiúil	<u>(962)</u>	<u>(2,623)</u>
---	--------------	----------------

Maoiniú

Deontais Stáit a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	492	1,977
--	-----	-------

Deontais Athfhillteacha Stáit a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	470	600
---	-----	-----

Airgead eile a caitheadh ar Shócmhainní Seasta	<u>0</u>	<u>46</u>
--	----------	-----------

Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar Mhaoiniú	<u>962</u>	<u>2,623</u>
---	------------	--------------

Méadú ar Airgead Tirim	<u>2,370</u>	<u>2,189</u>
-------------------------------	--------------	--------------

Réiteach an Mhéadaithe ar Sreabhadh Airgid agus an Athraithe ar Ghlanchistí

Glanchistí amhail ar 1 Meán Fómhair	6,173	3,984
-------------------------------------	-------	-------

Glanchistí amhail ar 31 Lúnasa	<u>8,543</u>	<u>6,173</u>
--------------------------------	--------------	--------------

	<u>2,370</u>	<u>2,189</u>
--	--------------	--------------

Arna shíniú thar ceann an Bhoird Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine: Uachtarán